



Oíche Dé Domhnaigh (9/1/'81) i scoil Sailearna bhí cóisir do sheandaoine an cheantair.

Bhí cuid de na daoine an-sásta agus bhreathnaigh cuid acu sách "fed up".

Bhí Maitiú Ó Dillíun nó Matt Phádraicín ag baint gáire as gach duine.



DUMHACH NA LEANBH

Rinnín a thugadh na sean daoine air, agus fós féin is é a thugas daoine air. Tá an áit seo ar chladach Bhaile an Tí Mhóir. Creidim gur Rinnín a bhí ann, mar bhí sé i bhfad níos limistéirí ná mar atá sé faoi láthair gur tháinig oíche stoirmiúil agus farraige láidir a thug stiall mhór dó chun bealaigh idir conrachaí agus eile. Is dóigh gur páistí a cuirtí ann ó thús mar bhí sé cóngarach, mar nach raibh aon reilig eile ní ba ghóire ná an Spidéal nó Maoiris, freisin cuirtí daoine bochta agus a leithéidí ann. Cuireadh roinnt daoine fásta ann bliain an "Flu Mhóir" as na bailte thart timpeall.

Níl mórán eolais nó seanchais faoi le dhá chéad bliain ar chuma ar bith. Tá tobar beannaithe ann ar a dtugtar "Tobar Rí an Domhnaigh" air. Bhí muinín mhór ag daoine as. Chuala mé faoi bhean amháin a raibh buachaill beag aici a raibh drochshláinte aige. Thug a mháthair ann é lá. Nuair a bhí an turas déanta aici choisric sí an buachaill le huisce an tobair. Thosaigh an t-uisce sa tobar ag fiuchadh. Ghlac máthair an bhuachalla leis gur comhartha a bhí ann nach raibh aon bhiseach i ndán dó. "Teara uait abhaile a mhaicín" ar sise "agus toil Dé go ndéantar". An bhean fhéin a d'inis an scéal do mo mháthair-se. Dúirt sí gur bean chreidmheach a bhí sa mbean chéanna. Níor mhair an buachaill i bhfad ina dhiaidh sin.

Choisric Séiplíneach arbh ainm dó an tAthair Levell, a bhí sa bparóiste uair, an reilig seo. Ní raibh clái ná fál uirthi ariamh agus cead ag beithigh agus eile siúl ina mullach ach ní bheidh sé le rá feasta a bhuíochas sin do bhaill fo-Choiste an Chumainn Fhorbartha. Tá sconsa anois ar an reilig agus beidh cóir iontach acu uirthi ó thaobh na farraige de. Cóir dúshlánach a sheasas in aghaidh farraige láidir. Is creidiúint dóibh é. Tá moladh mór ag dul dóibh as ucht a ndúthrachta agus a gcuid saothair, ag bailiú airgid agus eile. Go gcúití Dia leo é. Ní bheidh cur isteach níos mó ag taça ar an reilig nó ar na mairbh bhochta atá ag fanacht leis an tsíoraíocht ann, ní bheidh sin, ach ologón na dtonn agus screachaíl na bhfaoileán agus éanlaith eile an chladaigh agus na farraige.

Peadar Ó Máille

Ar lean ó lth. 11

ann ar phár. Thiocfadh linn ansin leabhrán a thiomsú a mbeadh stair agus seanchas an cheantair ann. Cloisfí faoi bhainis agus faoi thóramh, faoin gceardaí agus an spailpín, faoi ainneir na gciabhfholt agus an buachaillín aerach . . . faoi na céadta rud atá ag dul ó chuimhne. An bhfuilimid ró-mhall? An bhfuil an orlach dheireannach den choinneal loiscithe?

AN BLÁTH AGUS AN BHÓ

Tá an ghaoth ag séideadh is tá mé fuar
Tá an bháisteach ag titim is tá mé fliuch
Tá an ghrian ag scalladh is tá mé te
Tá an sioc ar an talamh is tá mé ag reo.

Tá bó i mo gharraí-se ag ithe mo chairde
Tá féileacán ina shuí ar mo cheann
Tá an bhó ag teacht níos gaire
Is tá mé ag guí nach n-íosfaidh sí mé.

Is bláth beag mise is tá mé scanraithe go maith
Tá an bhó mhór ag druidim le mo thaobh
Is tá súil agam nach n-íosfaidh sí mé
Mar a d'ith sí mo chairde go léir.

Niamh Ní Eidhin, Baile Ard, An Spidéal.

Aois: 12

AN OÍCHE

Bíonn an oíche dorcha
Is bíonn an oíche ciúin
Cloisim na taibhsí amuigh
Is iad corraithe ag an ngaoth

Tá an ghaoth ag séideadh
Amuigh sna crainn
Is ag feadaíl
Timpeall an tí

Tá an ghealach ag damhsa
Is na scamail ag rith
Ach tá mise i mo chodladh
Is mé ag brionglóidigh faoi.

Niamh Ní Eidhin, Baile Ard, An Spidéal.